

# SLÁINTE, SÁBHÁILTEACHT AGUS LEAS

## Ráiteas Sábháilteachta

Tá sé mar pholasáí ag Gaelcholáiste Cheatharlach timpeallacht oibre slán sábháilte a chur ar fáil dá chuid fostaithe uile, timpeallacht teagaisc agus foghlamtha slán sábháilte agus ár gcuid dualgas a chomhlíonadh do dhaltaí, baill foirne agus cuairteoirí. Aithníonn an Coláiste a ról le sábháilteacht, sláinte agus leas gach duine atá fostaithe san eagraíocht agus iad siúd a bhfuil tionchar an ionaid oibre orthu a chosaint. Táimid tiomanta le córais agus modhanna oibre sábháilte a chur ib hfeidhm le sábháilteacht, sláinte agus leas gach duine a chinntiú.

Tuigeann údaráis na scoile a n-oibleagáidí dlíthiúla agus a dtiomantas leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2007 a chomhlíonadh, chomh maith le reachtaíocht ar bith eile ar nós Rialachán Feidhmiúcháin Ghinearálta 1993 nó mar atá riachtanach faoi dhlí an AE.

Aithníonn an Coláiste lena oibleagáidí go bhfuil na nithe seo a leanas le soláthar:

- Ionad oibre sábháilte
- Córais oibre shábháilte
- An fhaisnéis agus an oiliúint chuí leis an tsábháilteacht a chinntiú
- Pleananna éigeandála a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu
- Rioscaí sláinte a sheachaint le gníomhaíocht ar bith
- Áiseanna sláinteachais de réir mar is cuí

Beidh rath an pholasáí seo ag brath ar chomhoibriú na foirne uile. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach go mbeifeá eolach ar gach réimse den Ráiteas Sábháilteachta. Ba chóir duit deimhin a dhéanamh de go dtuigeann tú an ról atá agat agus na socrúite atá déanta ar an iomlán do shláinte agus sábháilteacht sa scoil agus i do roinn féin. Ba chóir duit a bheith ar an eolas freisin go bhfuil dualgas ort cúram a thabhairt do do chuid sábháilteachta féin agus dóibh siúd a d'fhéadfadh tionchar a bheith orthu le do ghníomhartha.

## Tiomantas an Choláiste

Chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe, foirne, daltaí, cuairteoirí agus conraitheoirí a dhaingniú, déanfaidh údaráis na scoile na nithe seo a leanas:

- Tabharfar faoi mheasúnuithe riosca, aimseofar na guaiseacha agus ullmhófar ráiteas sábháilteachta, an prionsabal um chosc á chur san áireamh
- Beidh an bhainistíocht go hiomlán ar an eolas maidir le ráiteas sábháilteachta na heagraíochta agus cinnteoidh siad go bhfuil na fostaithe

uile ar an eolas faoi cad atá ann agus faoi leasuithe a dhéantar ina dhiaidh sin

- Cuirfear na fostaithe ar an eolas maidir leis na guaiseacha agus rioscaí atá aimsithe, na bearta sábháilteachta cosanta agus coisctheacha, agus ainmneacha na bhfostaithe ceaptha atá ionadaíoch do na próisis shláinte agus sábháilteachta
- Eagrófar modhanna agus córais le gníomhaíochtaí oibre a bhainistiú agus a stiúradh le sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe a chinntiú, chomh fada agus is féidir
- A chinntiú go bhfuil bealaí teacht isteach chuig an ionad oibre agus dul amach as atá sábháilte, agus dícheall a dhéanamh de lena chinntiú go bhfuil an trealamh agus an áis sábháilte agus gan a bheith mar riosca don tsláinte
- Cosc a chur ar bhéasa nó iompar míchuí a d'fhéadfadh sláinte agus sábháilteacht na bhfostaithe a chur i mbaol, chomh fada agus is féidir
- Ní bhrisfear fostaí as a p(h)ost ná ní chuirfear pionós air/uirthi toisc gur chomhlíon sé/sí nó gur bhain siad úsáid as a c(h)earta faoi na forálacha reachtúla sláinte agus sábháilteachta
- Dochtúir Comhairleach a cheapadh le monatóireacht mhíochaine leanúnach, scrúduithe míochaine réamhfhostaíochta, agus tarchuir má tharlaíonn timpiste, a chur ar fáil
- Coiste Sábháilteachta ar a mbeidh ionadaithe sábháilteachta agus Oifigeach Sábháilteachta.
- Tiofaidh an coiste seo le chéile le hathbhreithniú a dhéanamh ar na ceisteanna sábháilteachta agus timpistí/teagmhais dhainséaracha chun a chinntiú go gcomhlíontar an ráiteas sábháilteachta agus an reachtaíocht chuí
- Faisnéis agus treoracha scríofa a chur ar fáil maidir le sábháilteacht dóiteáin san áitreabh lena chinntiú go bhfuil fostaithe ar an eolas faoi na gníomhartha atá le déanamh i gcás éigeandála
- A chinntiú go bhfuil trealamh cosanta dóiteáin a ndéantar cothabháil cheart air ar fáil agus go gcoinnítear na bealaí éalaithe saor
- Boscaí garchabhrach a chur ar fáil agus a chothabháil ar an áitreabh
- A chinntiú go bhfaigheann na fostaithe uile dóthain oiliúna agus teagaisc shábháilteachta de réir an taise a dhéantar
- Breathnófar ar léiriú ar bith i dtaobh sláinte agus sábháilteachta ó fhostaí ar bith agus tabharfar tacaíocht dó
- Na hacmhainní riachtanacha a thiomnú le sábháilteacht, sláinte agus leas a fhostaithe agus cuairteoirí ar an áitreabh a chinntiú, chomh fada agus is

féidir le réasún.

- Comhoibriú agus teagmháil a dhéanamh le fostaithe eile a chomhroinneann an t-ionad oibre i ndáil le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh.
- Cuirfear an fhaisnéis sláinte agus sábháilteachta chuí ar fáil d'fhostóir eile má tá fostaithe aige/aici sa scoil.
- Déanfar timpistí agus teagmhais dhainséaracha a thuairisciú chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Déanfaidh an bhainistíocht agus an Coiste Sábháilteachta athbhreithniú ar an Ráiteas Sábháilteachta agus athrófar é de réir mar is cuí.

Go bunúsach tá an bhainistíocht freagrach as an ráiteas sábháilteachta a chomhlíonadh, agus tabharfar tacaíocht di leis seo trí iniúchtaí, iniúchtaí ar sheomraí ar leith san áireamh, a dhéanfaidh foireann na scoile agus déanfar measúnú ar thuairiscí ar thimpistí agus ar staitisticí.

## **Iniúchadh Seomra**

Aithníonn údarais an Choláiste an tábhacht le comhoibriú iomlán a fháil ó na baill foirne uile lena chinntiú go gcoinnítear na caighdeáin shábháilteachta is airde san ionad oibre. Mar chuid den phróiseas leanúnach seo, déanfar Iniúchadh Seomra go rialta. Agus an fhoirm chuí curtha ar ais tabharfaidh bainistíocht na scoile faoi ghníomhú de réir mar is gá.

## **Garchabhair**

Rinne Gaelcholáiste Cheatharlach oiliúint líon foirne sa Gharchabhair a éascú de réir éilimh na reachtaíochta. Ba chóir don fhoireann aithne a chur ar an bhfoireann atá cáilithe sa Gharchabhair agus a bheith ar an eolas faoi na háiteanna ina bhfuil na boscaí Garchabhrach.

Tá mionsonraí na foirne Garchabhrach uile ar taispeáint go poiblí sa seomra foirne.

Tá dífhibrileoir lonnaithe in Oifig an Rúnaí agus tá mionsonraí na n-úsáideoirí/mball foirne ceaptha lonnaithe sa seomra foirne.

Chomh maith le ceisteanna maidir le Sláinte, Sábháilteacht agus Leas, spreagtar an fhoireann le próiseas an iniúchta sheomra a úsáid le cur in iúl don Phríomhoide má tá riachtanais ar bith nó acmhainní de dhíth le feabhas a chur ar an atmaisféar agus ar an teagasc agus an fhoghlaim sa seomra ranga.

## **An Fhoireann Garchabhrach**

Tá an traenáil cuí déanta ag beirt mar chuid den Fhoireann Garchabhrach agus déantar chuile iarracht go mbeadh siad ar fáil más gá.

## **Traenáil Dífhibrileora**

Tá traenáil dífhibrileora déanta ag seachtar ón bhfoirann.

## **Comhoibriú na bhFostaithe**

Tá ríthábhacht ag baint le comhoibriú na bhfostaithe i ndáil le cúrsaí a bhaineann Sábháilteacht, Sláinte agus Leas chun polasaí Sláinte agus Sábháilteachta a bheith ann. Tá dualgas ar gach fostaí:

- Cúram réasúnta a thabhairt dá s(h)ábháilteacht, sláinte agus leas féin, agus de dhuine ar bith eile a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar a g(h)níomhartha nó failíocha agus é/í ag obair
- Comhoibriú a dhéanamh le húdaráis na scoile agus le duine ar bith eile sa mhéid agus go mbeidh na húdaráis nó an duine eile in ann ceann ar bith de na forálacha reachtúla cuí a chomhlíonadh
- A chinntiú nach bhfuil sé/sí faoi bhrí meiscigh chun dochar a dhéanamh dá s(h)láinte féin nó sláinte duine ar bith eile, agus a bheith toilteanach aon tástálacha feiliúnacha agus réasúnta a dhéanamh le haghaidh meisceach de réir mar a bhíonn de dhíth ar an eagraíocht
- Tabhairt faoi mheasúnú le liachleachtóir le folláine an fhostaí a fhionnadh i ndáil le gníomhaíochtaí oibre a dhéanamh. Má thagann fostaí ar an eolas go bhfuil sé/sí ag fulaingt de bharr tinneas nó máchail fhisiceach nó intinne ar bith a d'fhéadfadh an fostaí nó fostaithe eile a chur i mbaol ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, le linn gníomhaíochtaí oibre a dhéanamh, ba chóir don fhostaí an bhainistíocht nó an liachleachtóir atá ainmnithe ag an mbainistíocht a chur ar an eolas faoi láithreach (agus nach mór dó/di a chur in iúl don fhostóir ansin). Feidhmeoidh an bhainistíocht ansin lena chinntiú go gcloítear leis an reachtaíocht shábháilteachta
- Gan é/í féin a iompar go míchuí ná ar shlí ar bith eile a d'fhéadfadh a s(h)ábháilteacht féin nó sábháilteacht duine ar bith eile a chur i gcontúirt
- Freastal ar oiliúint a d'fhéadfadh a bheith de dhíth le comhlíonadh reachtaíochta sláinte agus sábháilteachta a chinntiú
- Cloí le modhanna ardaithe sábháilte agus úsáid a bhaint as trealamh cosanta

pearsanta ar bith, lena n-áirítear fearais, trealamh nó bealaí nó rud ar bith eile a chuirtear ar fáil le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a dhaingniú, i mbealach leis an gcosaint atá beartaithe a chur ar fáil

- Tuairisciú a dhéanamh chuig an Oifigeach Sábháilteachta gan aon mhoill mhírreasúnta, maidir le máchailí ar bith sa trealamh, san ionad oibre nó i gcóras oibre, nó maidir le sárú ar bith eile sna forálacha reachtúla a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte agus leas rud éigin a bhfuil tú eolach faoi, a chur i gcontúirt.
- Gan cur isteach ar ná mí-úsáid a bhaint as fearas ná éadaí cosanta ná áis a chuirtear ar fáil le sábháilteacht, sláinte agus leas a dhaingniú
- A bheith eolach faoin duine atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas ar an áitreabh
- Cúram a bheith air/uirthi an t-ionad oibre a choinneáil sábháilte, glan agus folláin dá t(h)airbhe féin agus dá c(h)omhghleacaithe, daltaí, cuairteoirí agus conraitheoirí, trí úsáid cheart a bhaint as na limistéir agus as na háiseanna oibre, lena n-áirítear na leithris, cistineacha etc.
- An ardbhainistíocht a chur ar an eolas láithreach má bhíonn gortú ar bith ann is cuma cé chomh mion agus atá sé. Ní mór tuairisc timpiste a chomhlánú agus a chur ar ais chuig an oifigeach sábháilteachta laistigh de 24 uair an chloig. Tá dualgas ar fhostaithe an ardbhainistíocht a chur ar an eolas freisin maidir le guais nó teagmhas ar bith (cibé acu gléas nó duine/daoine ar leith agus iompar dainséarach ar siúl a d'fhéadfadh cur isteach ar a s(h)láinte nó sábháilteacht féin nó sláinte agus sábháilteacht duine ar bith eile. Feidhmeoidh an tOifigeach Sábháilteachta i dtaca leis an bhfaisnéis sin le gur féidir leis/léi cosc a chur ar theagmhas ar bith eile cosúil leis sin sa todhchaí

## **Maoin Phearsanta**

Ní ghlacann an Bord Bainistíochta le freagracht ar bith maidir le maoin phearsanta ar bith a bhaineann le fostaí, a fhágtar ar an áitreabh. Tugtar comhairle láidir don fhoireann gan suimeanna móra airgid a thabhairt isteach chuig an ionad oibre.

## **Maoin na Scoile**

Tá dualgas orainn uile meas a bheith againn ar threalamh uile na scoile a úsáidtear le linn ár gcuid fostaíochta, mar shampla, ríomhairí, ábhair, trealamh, printéirí.

Breathnaítear ar mhí-úsáid nó mídhílsiú a leithéid trealamh mar chion tromchúiseach agus is é an Bord Bainistíochta a dhéileálfadh leis faoin nós imeachta araíonachta.

## **Sonraí agus Faisnéis Phearsanta**

I gcás éigeandála, ní mór don scoil a chinntiú go bhfuil sonraí cruinn an fhostaí ar an gcomhad leis an tagairt a éascú. Chun cabhrú leis an scoil é seo a bhaint amach, tá sé tábhachtach go gcuireann na fostaith ar fad in iúl don Phríomhoide má bhíonn aon athruithe ábhartha ar bith, ar nós athraithe sheolta nó uimhreacha teileafóin teagmhála.

Tá Gaelcholáiste Cheatharlach tiomanta:

- Don fhaisnéis phearsanta uile a choinneáil faoi rún, sábháilte agus slán
- Lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis cruinn, suas chun dáta agus chomh hiomlán agus is féidir
- Don fhaisnéis nach bhfuil ábhartha a scriosadh láithreach

## **Seirbhís Sláinte Ceirde do Mhúinteoirí**

Cuirtear in iúl don fhoireann go bhfuil nósanna imeachta nua curtha i bhfeidhm ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta le ceistanna sláinte agus leasa do mhúinteoirí a bhainistiú. Is féidir breathnú ar na mionsonraí trí thagairt a dhéanamh don suíomh gréasáin [www.education.ie](http://www.education.ie). agus trí na naisc chuí a leanúint. Tá an tSeirbhís Chúnaimh Fhostaíochta mar chuid de na nósanna imeachta nua anois.

## **Nósanna Imeachta Aslonnaithe Dóiteáin**

- Iarrtar ar an bhfoireann agus ar na daltaí uile iad féin a chur ar an eolas maidir le pointí éalaithe agus tionóil dhruil dóiteáin na scoile. Tá faisnéis le fáil i Lámhleabhar an Mhúinteora.
- Cuimhnigh - téigh amach as an seomra ranga le do ghrúpa ranga nó as an seomra foirne/ oifig/saotharlann/ leithreas chomh tapaidh agus is féidir.
- Ba chóir do gach duine dul chuig an bpointe tionóla gan mhoill.
- Ba chóir do na múinteoirí ábhair an rolla a ghlaoch ar an bpointe agus daltaí atá ar iarraidh a thuairisciú chuig an oifigeach sábháilteachta/Príomhoide Ionaid/Príomhoide.
- Ná téigh ar ais isteach san fhoirgneamh go dtí go ndeirtear go bhfuil an baol thart.

## **Cúnamh Míochaine**

- Tá cúnamh míochaine teoranta ar fáil ó Oifig an Rúnaí.
- I gcás éigeandála míochaine téigh i dteagmháil láithreach leis na seirbhísí éigeandála agus tuairiscigh an teagmhas chuig an múinteoir ar dualgas agus chuig an bPríomhoide/ Príomhoide Ionaid.
- I gcás miontimpistí téigh i dteagmháil leis an oifig. Tabharfar daltaí, le cead óna dtuismitheoirí, chuig dochtúir na scoile más gá.
- Ná tabhair cógais ar oideas ar bith do dhaltaí (beidh an fhoireann ainmnithe in ann

idirghabháil a dhéanamh i gcás daltaí le diaibéitis a choinníonn soláthar éigeandála d'inslin sa scoil, ar iarratas ó na tuismitheoirí).

- Má tharlaíonn timpiste déanann an Oide Bliana/ Príomhoide Ionaid/ Príomhoide teagmháil leis na tuismitheoirí.

## **Ginearálta**

- Cuirtear daltaí ar an eolas faoi na rialacha scoile/ faoin gcód smachta agus táthar ag súil go mbeidís ar an eolas fúthu.
- Tá dualgas ar gach duine teagmhas ar bith a thuairisciú ina bhféadfadh timpiste a bheith ann mar thoradh air.

Leanaimis agus coinnímis Gaelcholáiste Cheatharlach ina thimpeallacht

Shábháilte don teagasc agus foghlaim. Cuimhnigh ar an sláinte agus

ar an sábháilteacht le linn an lae scoile!

## **Aguisín**

### **An Fhoireann Garchabhrach:**

Is iad Seán Ó Cinnéide agus Áine Nic Craith an fhoireann garchabhrach

### **Traenáil Dífhibrileora :**

Is iad na baill foirne go bhfuil traenáil dífhibrileora déanta acu ná :

Gearóidín Ní Chonghaile, Pádraig Ó Ceallaigh, Seán Ó Cinneide, Catherine Uí Nialláin, Shane Ó Ciardubháin, Dermot Ó Briain, Áine Nic Craith agus Melissa Ní Bhruadair.